2023/2310

19.10.2023

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 21/2023

an 3 Feabhra 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2310]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála do líonraí agus do chórais faisnéise ar fud an Aontais ([1]), tá sí le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/151 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2018 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tuilleadh sonraíochta ar na heilimintí atá le cur san áireamh ag soláthraithe seirbhíse digití chun na rioscaí a bhaineann le slándáil líonraí agus córas faisnéise a bhainistiú agus maidir leis na paraiméadair lena gcinntear an bhfuil tionchar suntasach ag teagmhas ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Chun go bhfeidhmeoidh Comhaontú LEE go maith, tá Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE le leathnú chun go n-áireofar an Grúpa Comhair arna chur ar bun le Treoir (AE) 2016/1148.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 5cp (Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

'5cpa. **32016 L 1148**: Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála do líonraí agus do chórais faisnéise ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1).

Módúlachtaí maidir le comhlachas Stáit CSTE i gcomhréir le hAirteagal 101 den Chomhaontú:

Beidh Stáit CSTE iomlán rannpháirteach sa Ghrúpa Comhair agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu ann agus a bhíonn ag na Ballstáit den Aontas, cé is moite den cheart vótála.

5cpaa. **32018 R 0151**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/151 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2018 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tuilleadh sonraíochta ar na heilimintí atá le cur san áireamh ag soláthraithe seirbhíse digití chun na rioscaí a bhaineann le slándáil líonraí agus córas faisnéise a bhainistiú agus maidir leis na paraiméadair lena gcinntear an bhfuil tionchar suntasach ag teagmhas (IO L 26, 31.1.2018, lch. 48).'

([1]) IO L 194, 19.7.2016, lch. 1.
([2]) IO L 26, 31.1.2018, lch. 48.

Airteagal 2

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i bPrótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘47. An Grúpa Comhair (Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála do líonraí agus do chórais faisnéise ar fud an Aontais).’

Airteagal 3

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacs Threoir (AE) 2016/1148 agus téacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/151 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 4 Feabhra 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 5

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Feabhra 2023.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

* Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.